North South Ministerial Council
Joint Secretariat

An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

# PÁIPÉAR CATT TEANG 2 (15) CR

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

# CRUINNIÚ - AN FORAS TEANGA

# IONAD TYRONE GUTHRIE,

# EANACH MHIC DHEIRG, CO. MHUINEACHÁIN

# 6 SAMHAIN 2015

# COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an cúigiú cruinniú is fiche d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas in Ionad Tyrone Guthrie, Eanach Mhic Dheirg, Co. Mhuineacháin, ar an 6 Samhain 2015. D'fhreastail Heather Humphreys TD, an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Joe McHugh TD, an tAire Stáit le freagracht speisialta as Gnóthaí Gaeltachta, Carál Ní Chuilín, MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, agus an tAire Sóisearach in OCALCA, Emma Pengelly MLA, ar an gcruinniú. Rinne an tAire McHugh cathaoirleacht ar an gcruinniú.

## TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN

2. Nótáil na hAirí na tuarascálacha ar dhul chun cinn ó Chathaoirligh agus ó Phríomhfheidhmeannaigh Fhoras na Gaeilge agus Ghníomhaireacht na hUltaise ina bhfuil na héachtaí seo a leanas a bhaineann leis an tréimhse idir Meitheamh agus Deireadh Fómhair 2015:

**<u>Foras na Gaeilge:</u>**

- Seoladh an aip don fhoclóir nua Béarla-Gaeilge ag Oireachtas na Gaeilge agus cuireadh an Foclóir Beag leis an teanglann ar líne (www.teanglann.ie);

- Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag an bhfeachtas Love Leabhair Ghaeilge faoi choimirce na Scéime Tacaíochta Margaíochta d'earnáil foilseacháin na Gaeilge, le seastáin bhrandáilte in 15 shiopa;

- Tá an scéim Ghaeilge do bhunscoileanna (www.seideansi.ie) á cur i bhfeidhm agus tá áiseanna nua digiteacha ar fáil ó leibhéal na naíonán beag go rang a dó; agus

- Cuireadh maoiniú ar fáil do thionscadail óige, lena n-áirítear 92 campa samhraidh chun freastal ar 3,800 leanbh (méadú de 200 ar 2014), agus d'eagraigh 74 ngrúpa gníomhaíochtaí don óige i rith na bliana, chomh maith le 428 scoláireacht Ghaeltachta do dhaoine óga i dTuaisceart Éireann.

**Gníomhaireacht na hUltaise:**

- Cur chun cinn na hUltaise san oideachas, lena n-áirítear bronnadh stádas suaitheanta ar 6 scoil, clárú 12 scoil ar an gClár Tionscnaimh do Scoileanna Suaitheanta, soláthar 5 chlub iarscoile agus 10 gceardlann, chomh maith le 2 nascadh bunscoileanna breise Thoir/Thiar;

- Eagrú dhá phríomhimeacht, a chuimsigh comhdháil i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath chun comóradh a dhéanamh ar an 700ú bliain ó theacht na mBrús go hÉirinn ar ar fhreastail 300 duine agus Lá Oidhreachta na hUltaise i Ráth Bhoth ar ar fhreastail 450 duine;

- Tacaíocht curtha ar fáil do 21 scoil samhraidh, 12 fhéile pobail agus 12 imeacht sarthaispeántais pobail; agus

- Méadú feasacht an phobail maidir leis an Ultais trí 19 gcuairt ghrúpa chuig Ionad na hUltaise, foilsiú 2 eagrán de nuachtán na hUltaise agus bunú 3 phlaic ghorm eile ar fud Uladh chun ceiliúradh a dhéanamh ar phearsaí ríthábhachtacha ó stair na hUltaise.

Nótáil na hAirí freisin an dul chun cinn ar chomhoibriú idir Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise, lena n-áirítear:-

- Dhá chomh-imeacht mar chuid de sheachtain feasachta cultúir agus caidrimh pobail, a chuimsigh léacht ar ghnéithe Gaeilge agus Ultaise logainmneacha Thuaisceart Éireann agus plé painéil maidir le nósanna teanga i mBéal Feirste;

- Rannpháirtíocht i mbliain a dó de chlár a bhfuil sé mar aidhm leis feasacht a mhéadú maidir le hoidhreacht teangeolaíochta na Gaeilge agus cultúr, oidhreacht agus teanga na hUltaise in iarbhunscoileanna; agus

- Measúnú leanúnach ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le rannpháirtíocht i gClár na hÓige Aontaithe faoi Straitéis OCALCA "Together Building a United

Community” a dhéanann iarracht acmhainn a chur ar fáil do 10,000 duine óg nach bhfuil i mbun oiliúna, oideachais nó fostaíochta.

## CUNTAIS AGUS TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA AN FHORAIS TEANGA

3. Nótáil an Chomhairle gur cuireadh iniúchtaí na hoibre allamuigh ar chuntais 2014 i gcrích agus, tar éis an obair a rinne na hArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste chun cuntais gach Gníomhaireacht a chríochnú, tá sé beartaithe go gcuirfear Cuntais agus Tuarascáil Bhliantúil chomhdhlúite an Fhorais Teanga 2014 faoi bhráid faoi earrach na bliana 2016.

## DEISEANNA MAOINITHE AE

4. Nótáil na hAirí go bhfuil Gníomhaireachtaí an Fhorais Teanga ag leanúint i gcónaí le deiseanna féideartha a shainaithint chun uasmhéadú a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le maoiniú AE.

Nótáil siad freisin -

(i) go bhfuil Gníomhaireacht na hUltaise ag breathnú ar dheiseanna i gcónaí faoi Chláir Thrasnáisiúnta INTERREG: Clár an Fhoirimill Thuaidh agus an Artaigh, agus Clár Limistéar an Atlantaigh, lena n-áirítear eagrú ceardlainne don dara ceann. Ina theannta sin, tá iarratas déanta ag an nGníomhaireacht a bheith páirteach i Líonra na hOidhreachta Tionsclaíche, le os cionn 200 comhalta i 43 tír, agus tá monatóireacht á déanamh aici ar dhul chun cinn maidir le forbairt an Chláir Forbartha Tuaithe/LEADER ina bhféadfadh go mbeadh deiseanna chun oidhreacht na hUltaise a chur chun cinn;

(ii) forbairtí a thagann chun cinn ó rath Fhoras na Gaeilge i mbaint amach maoiniú AE don tionscadal liteartha ‘Other Words’ faoi chlár na hEorpa Cruthaithí agus tá dhá ghrúpa oibre - ceann inmheánach agus ceann leis na sé cheanneagraíocht - ag déanamh measúnú ar dheiseanna eile, lena n-áirítear:

- Slí Cholmcille: Tharla comhráite, a bhfuil dul chun cinn maith déanta iontu, idir Foras na Gaeilge, Comhairle Argyll & Bute (Albain) agus Comhairle Cathrach Dhoire & Comhairle Ceantair an tSratha Báin le súil is réamhiarratas a chur isteach faoi Chlár Limistéar an Atlantaigh. Tá obair ar bun i gcónaí chun comhpháirtithe incháilithe eile a aimsiú lasmuigh d’Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe idir an dá linn;

- tá Grúpa Oibre na gCeanneagraíochtaí maidir le Maoiniú ón AE ag breathnú ar mhórthionscadail chomhpháirtíochta agus tá iarratas déanta ag ceann de na Ceanneagraíochtaí, Conradh na Gaeilge, faoin mbabhta is deireanaí de Chlár Erasmus+ (Príomhghníomhaíocht 3 Idirphlé Struchtúrtha Óige); agus

- táthar ag fiosrú maidir le tionscadal níos mó a dhíreodh ar FAST (Families and Schools Together) do scoileanna Gaeltachta agus Gaeilge.

## FORAS NA GAEILGE – SCÉIM PHOBAIL GAEILGE

5. Nótáil an Chomhairle príomhghnéithe na Scéime Pobail Gaeilge athbhreithnithe, a áiríonn:

   - aistriú ó scéim trí bliana go scéim ceithre bliana;
   - comhdhlúthú ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus éascaíocht a dhéanamh do phobail nua leas a bhaint as an scéim tríd an líon deontaithe féideartha a mhéadú ón 19 ngrúpa reatha go huasmhéid 26 ghrúpa (méadú 37%);
   - uasleibhéal deontais de €37,000 i mbliain 1 (ag ardú go €40,000 i mbliain 4), lena n-áirítear 80% de na costais a bhaineann le fostaíocht na n-oifigeach forbartha; agus
   - fócas nua ar fhorbairt inbhuanaithe sna pobail féin a chuirfidh ar chumas grúpaí úinéireacht agus maoirseacht a choinneáil laistigh dá réimsí sprice féin agus a chinntiú go mbeidh torthaí buana mar thoradh ar an maoiniú.

6. Nótáil an Chomhairle freisin, mar cheanneagraíocht i réimse na forbartha pobail agus eacnamaíoch agus trína ghréasán féin d'oifigigh forbartha, go mbeidh ról ag Glór na nGael i gcothú, roinnt agus spreagadh dea-chleachtas i dtionscadail mhaoinithe agus, chomh maith leis sin, cuirfidh sé seirbhís mheantóireachta, tacaíochta agus chomhairle ar fáil d'eagraíochtaí nach gcomhlíonann a n-iarratas an caighdeán a theastaíonn chun deontas a fháil.

7. Cheadaigh na hAirí an Scéim Phobail Gaeilge athbhreithnithe, i gcomhair a cur i bhfeidhm, le héifeacht ón 1 Iúil 2016.

## GNÍOMHAIREACHT NA hULTAISE - GNÍOMHAÍOCHTAÍ TRASTEORANN

8. Rinne Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na hUltaise cur i láthair do na hAirí inar leagadh amach gníomhaíochtaí trasteorann na Gníomhaireachta a thagann lena sainchúram reachtaíochta maidir le cur chun cinn feasacht agus úsáid mhéadaithe na hUltaise agus ceisteanna a bhaineann le cultúr na hUltaise, i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn.

9. Nótáil na hAirí go bhfuil raon leathan de phríomhghníomhaíochtaí leathnaithe amach sa dá dhlínse, lena n-áirítear teagasc ceoil agus damhsa, Scéim Shuaitheanta na hUltaise, naisc idir scoileanna sa dá dhlínse, tionscadal piolótach curaclaim iarbhunscoile, picnicí bliantúla pobail, taighde oidhreachta agus forbairt ar chosáin oidhreachta, tacaíocht leanúnach d'Ionad Oidhreachta Monreagh, Plaiceanna Gorma, taispeántais ar camchuairt, agus eagrú Lá Oidhreachta na hUltaise agus comhdháil ar Shaol na hÉireann-hAlban sa Mheánaois.

## DÁTA AN CHÉAD CHRUINNITHE EILE

10. D'aontaigh an Chomhairle go dtionólfar an chéad chruinniú eile den Fhoras Teanga in earrach 2016.

**An Chomhrúnaíocht**
**6 Samhain 2015 www.northsouthministerialcouncil.org**